



CINNEADH (AE) 2025/451 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 21 Feabhra 2025

Cinneadh (AE) 2024/461 maidir le tuairisciú faisnéise ag údaráis inniúla náisiúnta chuig an mBanc Ceannais Eorpach maidir le luach saothair, an bhearna phá idir na hinscní, cóimheasa níos airde agus saothraithe arda chun críocha tagarmharcála (BCE/2024/2) (BCE/2025/7)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán an tSásra Aonair Maoirseachta) (BCE/2014/17) ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 21(1), Airteagal 140 agus Airteagal 140(1) de,

Ag féachaint don togra ón mBord Maoirseachta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh (AE) 2024/461 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/2) ⁽³⁾ lena leagtar síos na ceanglais maidir le faisnéis arna tuairisciú chuig an mBanc Ceannais Eorpach arna tuairisciú chuig na húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) ag eintitis faoi mhaoirseacht maidir le treochtaí agus cleachtais luacha saothair a thagarmharcáil, an bhearna phá idir na hinscní, cóimheasa níos airde formheasta agus saothraithe arda a chur faoi bhráid an Bhainc Cheannais Eorpaigh.
- (2) De bhun Airteagal 91(11) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, ceanglaítear ar údaráis inniúla an fhaisnéis arna nochtadh a bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 435(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus í a úsáid chun cleachtais éagsúlachta a thagarmharcáil. Ní mór do na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a sholáthar don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), agus tá ÚBE chun í a úsáid chun cleachtais éagsúlachta a thagarmharcáil ar leibhéal an Aontais.
- (3) An 18 Nollaig 2023 d'eisigh ÚBE Treoirlínte maidir le tagarmharcáil cleachtas éagsúlachta, lena n-áirítear beartais éagsúlachta agus an bhearna phá idir na hinscní, faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/2034 (EBA/GL/2023/08) ⁽⁶⁾. Leagtar amach sna Treoirlínte an próiseas maidir leis an gcaoi ar cheart sampla ionadaíoch d'institiúidí a chruthú agus sonraítear iontu, chun críocha tagarmharcáil chomhchuibhithe a dhéanamh ar chleachtais éagsúlachta ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, an fhaisnéis atá le soláthar d'údaráis inniúla agus ó údaráis inniúla do ÚBE, lena n-áirítear faisnéis arna nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 435(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sonraítear sna Treoirlínte freisin, chun tagarmharcáil chomhchuibhithe a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, an fhaisnéis atá le soláthar d'údaráis inniúla agus ó údaráis inniúla do ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Threoir 2013/36/AE.
- (4) I bhfianaise eisiúint Threoirlínte ÚBE/GL/2023/08, is iomchuí Cinneadh (AE) 2024/461 (BCE/2024/2) a leasú chun bailiú sonraí maidir le cleachtais éagsúlachta ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta a áireamh freisin, lena n-áirítear faisnéis arna nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 435(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus sonraí maidir le beartais éagsúlachta agus an bhearna phá idir na hinscní ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta.

⁽¹⁾ OJ L 287, 29.10.2013, lch. 63.

⁽²⁾ OJ L 141, 14.5.2014, lch. 1.

⁽³⁾ IO L, 2024/461, 8.2.2024, ELI: <https://data.europa.eu/eli/dec/2024/461/oj>.

⁽⁴⁾ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Teoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽⁶⁾ Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE.

- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2024/461 (BCE/2024/2) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh 2024/461 (BCE/2024/2) mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Cinneadh (AE) 2024/461 ón mBanc Ceannais Eorpach an 29 Eanáir 2024 maidir le tuairisciú na n-údarás inniúil náisiúnta chuig an mBanc Ceannais Eorpach ar fhaisnéis maidir le luach saothair, an bhearna phá idir na hinscní, cóimheasa níos airde formheasta, saothraithe arda agus cleachtais éagsúlachta ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta chun críoch tagarmharcála (BCE/2024/2)’;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an gCinneadh seo na ceanglais a bhaineann le faisnéis a thuairiscíonn eintitis faoi mhaoirseacht do na húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) a chur faoi bhráid an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) chun treochtaí agus cleachtais luacha saothair, an bhearna phá idir na hinscní, cóimheasa formheasta níos airde, lucht ardioncaim agus cleachtais éagsúlachta ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta a thagarmharcáil.’;

- (3) cuirtear an tAirteagal 4a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 4a

Ceanglais maidir le faisnéis faoi chleachtais éagsúlachta a chur isteach

Cuirfidh ÚINanna faoi bhráid BCE gach 3 bliana an fhaisnéis maidir le cleachtais éagsúlachta ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear beartais éagsúlachta agus an bhearna phá idir na hinscní ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, a shonraítear in Iarscríbhinní I go XI de Threoirlínte ÚBE EBA/GL/2023/08 agus a thuairiscíonn ar bhonn aonair na heintitis faoi mhaoirseacht atá bunaithe ina mBallstát rannpháirteach faoi seach i gcomhréir le Cinneadh ÚBE maidir le tuairisciú maoirseachta ar thagarmharcáil éagsúlachta do ÚBE agus leasú ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh EUCLID (EBA/DC/2020/335) (EBA/DC/516) (*). Má bhailíonn ÚIN faisnéis maidir le cleachtais éagsúlachta ó eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil mar chuid de shampla d’eintitis tuairiscithe i gcomhréir leis na critéir a shonraítear i gCinneadh ÚBE ÚBE/DC/516, ní chuirfear an fhaisnéis sin faoi bhráid BCE.

(*) Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE.’;

- (4) cuirtear an mhír 4 seo a leanas le hAirteagal 5:

‘4. Cuirfidh ÚINanna an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4a faoi bhráid BCE i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- (a) i gcás eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, déanfaidh ÚINanna, ar na sonraí a fháil i gcomhréir leis an dáta íocaíochta 30 Aibreán r éis dóibh na seiceálacha tosaigh sonraí dá dtagraítear in Airteagal 8 a dhéanamh, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid BCE gan moill mhíchuí;
- (b) i gcás eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna, cuirfidh ÚINanna an fhaisnéis sin faoi bhráid BCE faoi 12:00 CET an 15 Meitheamh ar a dhéanaí.’.

Airteagal 2

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo ar údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát rannpháirteach.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 21 Feabhra 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE